C/2026/4252

4.8.2026

TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meitheamh 2026

maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann le rialú teorann arna athbhunú ag an Ostair ag a teorainneacha talún leis an tSeicia, leis an tSlóvaic, leis an Ungáir agus leis an tSlóivéin i gcomhréir le hAirteagal 27a(3) de Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen)

(Is é an téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)

(C/2026/4252)

(1) I gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac.

(2) De bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú) ([1]), d'fhéadfadh Ballstát, nuair a bhíonn bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, rialú teorann inmheánaí a athbhunú ar bhonn eisceachtúil sealadach ag a theorainneacha inmheánacha ar fad nó ag codanna sonracha dá theorainneacha inmheánacha. Níor cheart an méid sin a dhéanamh ach amháin mar rogha dheiridh agus maidir le raon feidhme agus fad athbhunú sealadach an rialaithe teorann, níor cheart go sáródh sé sin an méid is gá chun freagairt don bhagairt thromchúiseach a sainaithníodh.

(3) Sonraítear in Airteagal 25a(4) de Chód Teorainneacha Schengen, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát rialú teorann a athbhunú ag teorainneacha inmheánacha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt intuartha, nach mór dó fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le hathbhunú beartaithe an rialaithe sin, 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh athbhunú an rialaithe teorann atá beartaithe, nó a luaithe is féidir i gcás ina bhfaigheann an Ballstát amach faoi na himthosca is cúis leis an ngá le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú níos lú ná 4 seachtaine roimh an athbhunú atá beartaithe.

(4) Ceanglaítear le hAirteagal 27a(3) de Chód Teorainneacha Schengen ar an gCoimisiún, tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú teorann ag na teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, ar bhonn an fhorais chéanna, tuairim a eisiúint maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann sin.

(5) Rinneadh athbhreithniú substaintiúil ar an gcreat chun rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú le Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), a tháinig i bhfeidhm an 10 Iúil 2024. Dá réir sin, rinneadh tús na dtréimhsí uile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II de Chód Teorainneacha Schengen a ríomh ón dáta sin dá bhrí sin.

(6) Le litir dar dáta an 16 Deireadh Fómhair 2024, thug údaráis na hOstaire fógra faoi rialú teorann a athbhunú ar bhonn Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, ag na teorainneacha inmheánacha talún leis an tSeicia agus an tSlóvaic ar feadh tréimhse 6 mhí ón 16 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 15 Aibreán 2025. Le litir dar dáta an 15 Aibreán 2025, thug údaráis na hOstaire fógra faoin athbhunú sin a fhadú ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 16 Aibreán 2025 go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2025. Le litir dar dáta an 15 Deireadh Fómhair 2025, thug údaráis na hOstaire fógra faoin athbhunú sin a fhadú an dara huair ar feadh tréimhse bhreise 2 mhí, ón 16 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 15 Nollaig 2025.

([1]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (IO L, 2024/1717, 20.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1717/oj).

(7) Le litir dar dáta an 11 Samhain 2024, thug údaráis na hOstaire fógra faoi rialú teorann a athbhunú ar bhonn Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, ag na teorainneacha inmheánacha talún leis an Ungáir agus an tSlóivéin ar feadh tréimhse 6 mhí ón lá dár gcionn. Le litir dar dáta an 9 Bealtaine 2025, thug údaráis na hOstaire fógra faoin athbhunú sin a fhadú ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 12 Bealtaine 2025 go dtí an 11 Samhain 2025. Le litir dar dáta an 15 Deireadh Fómhair 2025, thug údaráis na hOstaire fógra faoin athbhunú sin a fhadú an dara huair ar an bhforas céanna ar feadh tréimhse 1 mhí amháin agus 3 lá, ón 12 Samhain 2025 go dtí an 15 Nollaig 2025.

(8) Le litir dar dáta an 10 Nollaig 2025, thug údaráis na hOstaire fógra faoi athbhunú an rialaithe teorann a fhadú an tríú huair ag teorainneacha inmheánacha talún na hOstaire leis an tSeicia agus leis an tSlóvaic, agus leis an Ungáir agus leis an tSlóivéin freisin, ar feadh 6 mhí bhreise, ón 16 Nollaig 2025 go dtí an 15 Meitheamh 2026.

(9) Le litir dar dáta an 8 Eanáir 2026 agus i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, chuir an Ostair dhá thuarascáil isteach maidir le hathbhunú an rialaithe teorann, ar bhonn Airteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen. Cumhdaíodh sa chéad tuarascáil athbhunú an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha talún na hOstaire leis an tSlóivéin agus leis an Ungáir le haghaidh na tréimhse idir an 12 Samhain 2024 agus an 11 Samhain 2025. Cumhdaíodh sa dara tuarascáil athbhunú an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha talún na hOstaire leis an tSeicia agus leis an tSlóvaic le haghaidh na tréimhse idir an 16 Deireadh Fómhair 2024 agus an 15 Deireadh Fómhair 2025.

(10) Bhí an Ostair páirteach in idirphlé struchtúrtha an Choimisiúin maidir le hathbhunú an rialaithe teorann. Tar éis fógra a fháil ón Ostair maidir le fadú, leanadh den idirphlé struchtúrtha sin mar chuid de phróiseas comhairliúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 27a(4) de Chód Teorainneacha Schengen.

(11) An 5 Meitheamh 2025, thug Foireann Meastóireachta Schengen cuairt ar an teorainn inmheánach talún idir an Ostair agus an tSlóivéin mar chuid den mheastóireacht thréimhsiúil faoi Shásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen na hOstaire.

(12) Tugadh tuairisc ar staid na himeartha faoi láthair ag na teorainneacha inmheánacha sa Tuarascáil ar Staid Schengen an 23 Aibreán 2025 ([3]) agus pléitear go tráthrialta í ag Comhairle Schengen.

(13) Tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, tá an Coimisiún le tuairim a eisiúint maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann sin, dá bhforáiltear in Airteagal 27a(3) de Chód Teorainneacha Schengen. Maidir le rialú teorann ag na teorainneacha inmheánacha talún leis an tSeicia agus leis an tSlóvaic a fhadú, ba é sin an fógra a cuireadh isteach an 15 Aibreán 2025. Maidir le rialú teorann ag na teorainneacha inmheánacha talún leis an Ungáir agus leis an tSlóivéin a fhadú, ba é sin an fógra a cuireadh isteach an 9 Bealtaine 2025.

(14) Tar éis measúnú a dhéanamh ar na fógraí thuasluaite uile agus ar na tuarascálacha thuasluaite, measúnú arna fhorlíonadh leis an bhfaisnéis a sholáthair an Ostair faoi chuimsiú an phróisis comhairliúcháin agus doiciméid eile, ar nithe iad atá ar fáil go poiblí, glacann an Coimisiún an Tuairim seo.

MEASÚNÚ AR NA FÓGRAÍ AGUS AR NA TUARASCÁLACHA

I. CEANGLAIS FHOIRMIÚLA

(15) Faoi chuimsiú athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí, forchuirtear roinnt oibleagáidí foirmiúla ar na Ballstáit le Cód Teorainneacha Schengen.

(16) Le hAirteagal 25a(4) CTS ceanglaítear ar na Ballstáit, i gcás ina bhfuil bagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach i mBallstát intuartha, fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh athbhunú beartaithe an rialaithe teorann.

([3]) COM (2025) 185 final.

(17) Tugann an Coimisiún faoi deara gur tugadh na fógraí maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus maidir leis na faduithe a cuireadh leis tráth is lú ná 4 seachtaine roimh a dteacht i bhfeidhm de bharr na 'staide dinimiciúla' agus na méine 'an t-eolas agus an measúnú is déanaí' a sholáthar. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach féidir comhlíonadh na hoibleagáide maidir le fógra a chur isteach go tráthúil a fhágáil ar lár ach amháin i gcás ina mbeidh an Ballstát ar an eolas faoi na himthosca is cúis leis an ngá atá le rialú teorann inmheánaí a athbhunú tráth is lú ná 4 seachtaine roimh an athbhunú beartaithe.

(18) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir le fad an fhadaithe an dara huair ar athbhunú an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha talún na hOstaire leis an tSeicia agus leis an tSlóvaic agus leis an Ungáir agus leis an tSlóivéin freisin, go raibh sé níos giorra ná na hathbhunuithe a rinneadh roimhe sin. Chuir údaráis na hOstaire in iúl go ndéanfaidís meastóireacht le linn na tréimhse sin ar gach athbhunú rialaithe teorann inmheánaí agus go bhféadfaidís dátaí éaga an rialaithe sin a ailíniú, rud a rinne siad trína bhfógra faoin bhfadú an tríú huair ag na teorainneacha inmheánacha talún leis an tSeicia agus leis an tSlóvaic, agus leis an Ungáir agus leis an tSlóivéin freisin an 10 Nollaig 2025.

(19) Rinneadh na fógraí maidir le faduithe an rialaithe teorainn inmheánaí trí úsáid a bhaint as an teimpléad a bunaíodh chun na críche sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún ([4]).

(20) Le hAirteagal 27(2) de Chód Teorainneacha Schengen, ceanglaítear ar na Ballstáit, i gcásanna ina bhfuil an rialú teorann i bhfeidhm ar feadh 6 mhí, measúnú riosca a sholáthar in aon fhógra ina dhiaidh sin ina léireofar scála agus éabhlóid réamh-mheasta na bagartha tromchúisí.

(21) Cé go bhféadfadh sé a bheith deacair do na húdaráis náisiúnta measúnú beacht a dhéanamh ar scála agus ar fhad réamh-mheasta na bagartha tromchúisí ós rud é go bhféadfadh an staid ar an láthair a fhorbairt go tapa agus gur féidir leis a bheith deacair a thuar, cuireann an Coimisiún i dtábhacht, mar sin féin, a thábhachtaí atá an oibleagáid de bhun Airteagal 27(2) de Chód Teorainneacha Schengen measúnú riosca a dhéanamh ar an mbagairt thromchúiseach tráth a thabharfar fógra maidir le hathbhunú nó maidir lena fhadú, agus treochtaí i bhforbairt na bagartha tromchúisí sa tréimhse roimhe sin inar a athbhunaíodh an rialú teorann inmheánaí á gcur san áireamh, agus úsáid á baint as anailísí riosca arna n-ullmhú ar an leibhéal náisiúnta agus ag gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais.

(22) Tugann an Coimisiún dá aire i ndáil leis an tuarascáil maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú, ar bhonn Airteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, go raibh an tuarascáil maidir le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí ag teorainneacha na hOstaire leis an tSeicia agus leis an tSlóvaic le bheith curtha isteach an 16 Deireadh Fómhair 2025 agus go raibh an tuarascáil maidir le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí ag teorainneacha na hOstaire leis an Ungáir agus leis an tSlóivéin le bheith curtha isteach an 12 Samhain 2025. Cuireadh an dá thuarascáil isteach an 8 Eanáir 2026.

(23) Leanann na tuarascálacha maidir le rialú teorainn inmheánaí a athbhunú agus a fhadú an fhormáid aonfhoirmeach a bunaíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/308 ([5]).

II. RIACHTANAS AGUS COMHRÉIREACHT

Seasamh Údaráis na hOstaire

(24) Agraíonn údaráis na hOstaire gur ann do bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a eascraíonn as dúshláin a bhaineann leis an imirce agus leis an tslándáil. Trí rialú teorann inmheánaí a athbhunú, tugtar aghaidh ar an mbrú atá ar sheirbhísí poiblí agus ar an mbrú ar chomhtháthú sóisialta mar gheall ar an líon ard leanúnach iarrthóirí tearmainn agus imirceach neamhrialta, lena n-áirítear náisiúnaigh den Úcráin a thairbhíonn de chosaint shealadach.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear teimpléad chun fógra a thabhairt maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach (IO L, 2025/315, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/315/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/308 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear formáid aonfhoirmeach le haghaidh na tuarascála ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/308, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/308/oj).

(25) A mhéid a bhaineann leis an staid slándála, tagraíonn údaráis na hOstaire d'fhorbairtí slándála domhanda, lena n-áirítear cogadh foghach leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus an staid sa Mheánoirthear. Ina theannta sin, tá ardleibhéal bagartha sceimhlitheoireachta roimh an Ostair mar thoradh ar ghéarú an antoisceachais Ioslamaigh san Ostair mar gheall ar líonraí sceimhlitheoireachta a bheith ar a críoch, go háirithe ó na Balcáin Thiar, a dtaistealaíonn a mbaill thar theorainneacha inmheánacha.

(26) Maidir le staid na himirce, measann údaráis na hOstaire, in éagmais chur chun feidhme iomlán an Chomhshocraithe maidir le Tearmann agus Imirce, go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach rialú teorann inmheánaí a athbhunú mar gheall ar easnaimh sa chóras tearmainn agus i mbainistiú na dteorainneacha seachtracha.

I ndáil leis an méid sin, tarraingíonn údaráis na hOstaire aird ar an méid seo a leanas:

— leibhéal íseal aistrithe Bhaile Átha Cliath, ós rud é nach féidir fillteacha faoi chóras Bhaile Átha Cliath a dhéanamh ar na Ballstáit fhreagracha;

— an gá an treocht anuas i dtrasnuithe teorann neamhúdaraithe a chomhdhlúthú agus aghaidh a thabhairt ar an méadú a bhfuil coinne leis in 2025 feadh Bhealach cósta na mBalcán Thiar;

— an éagobhsaíocht leanúnach san Afganastáin, sa Tuirc, san Afraic Fho-Shahárach agus san Afraic Thuaidh, agus sa tSiria, rud a chuireann brú leanúnach ar theorainneacha seachtracha an Aontais;

— na torthaí suntasacha imscrúdaitheacha ar smuigleáil daoine mar thoradh ar rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

(27) Cuireann údaráis na hOstaire in iúl gurb é athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí an t-aon bhealach amháin chun trasnú teorainneacha inmheánacha lasmuigh de phointí trasnaithe teorann ainmnithe a thoirmeasc, rud a fhágann gur féidir le harm na hOstaire atá ag gníomhú faoi rialú na bpóilíní teorann faireachas a dhéanamh idir pointí trasnaithe teorann.

(28) Faoi dhlí na hOstaire, is trí rialú teorann inmheánaí a athbhunú amháin a chuirtear é ar a gcumas do phóilíní teorann na hOstaire seiceálacha iontrála agus céannachta a dhéanamh atá nasctha le trasnú na teorann inmheánaí (d'aon ghnó).

(29) Áitíonn údaráis na hOstaire go bhfuil rialú teorann inmheánaí teoranta don íosmhéid agus go ndéantar é ar bhealach neamhchórasach rioscabhunaithe, i bhfoirm spotseiceálacha spriocdhírithe.

Barúlacha ón gCoimisiún

(30) Chuir údaráis na hOstaire faisnéis ar fáil maidir leis na gnéithe éagsúla de na bagairtí tromchúiseacha sainaitheanta ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí chomh maith le hargóintí chun bunús a thabhairt leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann inmheánaí a athbhunaíodh.

(31) Cé go bhféadfadh an staid dheacair slándála dhomhanda a bheith ina cúis mhór imní do shlándáil náisiúnta na mBallstát, d'fhéadfaí anailís bhreise a sholáthar san fhógra lena míneofaí an tionchar atá ag an timpeallacht slándála dhomhanda ar an Ostair go sonrach, agus conas a d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an mbagairt thromchúiseach sin leis an rialú teorann inmheánaí.

(32) Sa mheasúnú ar an mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil náisiúnta, níl aon mhíniú ann ar an gcaoi a ndéanann na bagairtí sin difear do chodanna éagsúla de theorainneacha inmheánacha na hOstaire.

(33) Aithníonn an Coimisiún go bhfuil staid chasta imirce roimh an Ostair, mar is léir ó shonraí maidir leis an líon foriomlán iarratas ar thearmann, lena n-áirítear na hiarratais sin a thaisctear tar éis teacht isteach neamhúdaraithe, iarratais ó iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta atá cláraithe i mBallstát eile, iarratais ó thairbhithe cosanta idirnáisiúnta i mBallstát eile, chomh maith leis an líon ceadanna arna n-eisiúint do bhaill teaghlaigh dídeanaithe aitheanta chun críche athaontaithe teaghlaigh. Rinne an gá tacaíocht a thabhairt do thairbhithe cosanta sealadaí tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine difear freisin d'acmhainneacht na hOstaire dálaí glactha leormhaithe a sholáthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

(34) Féadfaidh gluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír a bheith ina bhforas le rialú teorann inmheánaí a athbhunú más rud é go bhfuil na gluaiseachtaí neamhúdaraithe sin ina mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. I ndáil leis sin, in Airteagal 25(1)(c) de Chód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe, tagraítear go sonrach don staid ina gcuireann gluaiseachtaí tobanna neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír ar mórscála idir na Ballstáit brú substaintiúil ar acmhainní foriomlána agus ar acmhainneachtaí na n-údarás inniúil dea-ullmhaithe, rud ar dócha go gcuirfidh sé feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú teorann inmheánaí i mbaol.

(35) Léiríonn sonraí a fuarthas le déanaí go bhfuil feabhas mór tagtha ar staid na himirce san Aontas. Thug an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta laghdú géar faoi deara ar thrasnuithe teorann neamhúdaraithe san Aontas ag na teorainneacha seachtracha in 2024, lena n-áirítear titim 78 % ar thrasnuithe ar bhealach na mBalcán Thiar in 2024. In 2025, de réir Fheasacht agus Anailís Chomhtháite Staide an Aontais, tháinig laghdú arís ar thrasnuithe teorann neamhúdaraithe, a raibh 41 faoin gcéad i gceist i gcomparáid le 2024 (ó 12 687 in 2025 go 21 637 in 2024). Ina theannta sin, de réir shonraí Eurostat, in 2024, tháinig laghdú 49 % ar iarratais chéaduaire ar thearmann san Ostair, agus leanadh den laghdú a theacht ar an líon díobh in 2025. Tá an laghdú sin mar chuid de threocht níos leithne, mar gheall ar iarrachtaí comhchoiteanna méadaithe chun teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint, agus ní féidir é a chur i leith athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí ag an Ostair.

(36) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach rud é athbhunú an rialaithe teorann inmheanaí a athraíonn oibleagáidí na hOstaire faoi na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais maidir le tearmann agus filleadh mar gheall ar rialú teorann inmheánaí a athbhunú. Tríd an rialú teorann inmheánaí a athbhunú, d'fhéadfaí rannchuidiú le trasnuithe teorann neamhúdaraithe isteach ar chríoch Bhallstáit a bhrath, leis an athligean isteach tapa ag an teorainn inmheánach a éascú agus lena áirithiú go mbraitear gluaiseachtaí neamhúdaraithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta go tapa, rud a fhágann gur féidir rialacha Rialachán Bhaile Átha Cliath ([6]) maidir le leithdháileadh freagrachta as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann a chur i bhfeidhm i gceart. Mar sin féin, níl sna fógraí ach faisnéis theoranta maidir leis an líon gabhálacha agus athligean isteach ag na codanna éagsúla den teorainn inmheánach a thabharfadh údar le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí a fhadú.

(37) Trí rialú teorann inmheánaí a athbhunú, d'fhéadfaí cuidiú le smuigléirí daoine agus sceimhlitheoirí a ghabháil. Tá imní dhlisteanach curtha isteach ag údaráis na hOstaire maidir le láithreacht (cheannairí) na líonraí sceimhlitheoireachta ar chríoch na hOstaire agus maidir leis an mbreisluach a bhaineann le rialú teorann inmheánaí a athbhunú mar fhreagairt ar thaisteal bhaill na líonraí sin thar theorainneacha inmheánacha. Mar sin féin, níl faisnéis leordhóthanach sna fógraí maidir le smuigléirí daoine agus sceimhlitheoirí a ghabháil ag na codanna éagsúla den teorainn inmheánach a athbhunaíodh. Ní mhíníonn údaráis na hOstaire ach oiread conas a chomhlánaítear athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí le cineálacha eile comhair slándála, mar shampla imscrúduithe coiriúla spriocdhírithe nó rialuithe póilíneachta atá dírithe ar líonraí smuigléirí daoine nó sceimhlitheoirí a tharraingt ó chéile.

(38) Tugann an Coimisiún dá aire nach luaitear sna fógraí ná sna tuarascálacha cúiseanna sonracha le rogha an raoin feidhme gheografaigh agus ama a bhaineann leis an gcinneadh rialú teorann inmheánaí a athbhunú. Níl aon mhíniú ann ar an gcaoi a ndéanann an bhagairt thromchúiseach difear do chodanna éagsúla den teorainn inmheánach ag ar athbhunaíodh rialuithe teorann inmheánaí. Níor tugadh aon mhíniú ar an bhfáth ar measadh gurbh iomchuí fad 6 mhí, seachas tréimhse níos giorra, i ndáil leis na faduithe an chéad uair nó ar an bhfáth ar measadh, i gcás na bhfaduithe an dara huair, gurbh iomchuí fadú 2 mhí.

III. BEARTA MALARTACHA

Seasamh Údaráis na hOstaire

(39) Tá fógra tugtha ag údaráis na hOstaire go bhfuil roinnt bearta malartacha glactha acu. Tá dlús curtha acu le rialuithe póilíneachta agus le comhar déthaobhach póilíneachta i ngach limistéar teorann. Cuimsítear leis sin malartú faisnéise oibríochtúla chomh maith le patról comhpháirteach ag na teorainneacha inmheánacha talún leis an tSeicia agus leis an tSlóivéin roinnt uaireanta sa mhí.

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).

(40) Tá comhaontuithe maidir le comhar póilíneachta i bhfeidhm ag an Ostair lena Ballstáit chomharsanachta uile. Glacann sí páirt in ocht lárionad um chomhar póilíneachta, a bhfuil sé cinn díobh lonnaithe ag na teorainneacha inmheánacha a athbhunaíodh. Tá oifigigh idirchaidrimh póilíneachta bhuana lonnaithe ag an Ostair i bPrág agus sa Bhratasláiv.

(41) Tá comhaontuithe maidir le hathligean isteach i bhfeidhm ag an Ostair lena tíortha comharsanachta uile agus oibríonn sí go dlúth leo maidir le hathligean isteach imirceach neamhrialta a ghabhtar ag na teorainneacha inmheánacha agus ar chríoch na hOstaire. Tá na chéad chéimeanna glactha ag údaráis na hOstaire chun socruithe praiticiúla a thabhairt i gcrích maidir le cur i bhfeidhm an nós imeachta aistrithe faoi Airteagal 23a de Chód Teorainneacha Schengen.

(42) Tá aghaidh á tabhairt go réamhghníomhach ag an Ostair ar dhúshláin imirce i dtíortha tionscnaimh agus idirthurais trí bhearta déthaobhacha éagsúla, amhail comhairleoirí doiciméad a imlonnú, oibríochtaí déthaobhacha póilíneachta teorann, agus rannpháirtíocht in oibríochtaí Frontex.

(43) In 2018, bunaíodh an tAonad Póilíní Teorann (PUMA) laistigh de Phóilíní Cónaidhme na hOstaire. Is tascfhórsa póilíneachta speisialaithe é atá freagrach as tacú le hoibríochtaí imirce agus rialaithe teorann, laistigh den chríoch agus ag na teorainneacha inmheánacha araon ina n-athbhunaítear an rialú. Imlonnaíodh oifigigh PUMA in éineacht le póilíní teorann na hUngáire ar chríoch na hUngáire ag an teorainn idir an Ungáir agus an tSeirbia.

Barúlacha ón gCoimisiún

(44) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta malartacha á gcur i bhfeidhm go gníomhach ag an Ostair a ghabhann le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí agus a mhaolaíonn an tionchar a bhaineann leis.

(45) Tugann an Coimisiún faoi deara gur ann do chomhaontuithe maidir le hathligean isteach le tíortha comharsanachta uile Schengen ach níl faisnéis leordhóthanach aige chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na gcomhaontuithe sin sa chleachtas. Tugann sé faoi deara go ngníomhaíonn an Ostair i gcomhréir le rialacha ábhartha dhlí an Aontais agus i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cur i bhfeidhm Chód Teorainneacha Schengen agus na Treorach um Fhilleadh ([7]) ag teorainneacha inmheánacha ina bhfuil rialú athbhunaithe.

(46) Ghlac an Ostair páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí Europol lena dtéitear i ngleic leis an imirce neamhdhleathach agus le smuigleáil daoine, lena n-áirítear laistigh den Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach i Vín, laistigh de Thascfhórsa EMPACT sna Balcáin Thiar, agus laistigh den Tascfhórsa Oibríochtúil 'Pathfinder'.

(47) Tá aghaidh á tabhairt go réamhghníomhach ag an Ostair ar dhúshláin imirce i dtíortha tionscnaimh agus idirthurais. Rannpháirtíocht na hOstaire in 'Operation FOX' ([8]) agus bunú aonaid thiomnaithe imirce agus teorann laistigh de na póilíní (PUMA) ar féidir leis gníomhú laistigh den chríoch náisiúnta agus lasmuigh den Ostair araon, is samplaí iad de bhearta malartacha rathúla arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar ábhair imní imirce agus slándála. Cinneann an Coimisiún, áfach, gur chuir údaráis na hOstaire faisnéis neamhleor ar fáil chun a mhíniú cén fáth nach féidir le gníomhaíochtaí aonad PUMA laistigh de chríoch na hOstaire rogha mhalartach leordhóthanach a sholáthar seachas rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

(48) Maidir leis an gceart chun an teorainn inmheánach a thrasnú ag aon phointe, tugann an Coimisiún faoi deara nach bhféadfar an ceart sin a theorannú go pointí trasnuithe teorann ainmnithe, ach amháin ar bhonn rialú teorann inmheánaí a athbhunú. Mar sin féin, fiú in éagmais rialú teorann inmheánaí a athbhunú, is féidir le húdaráis na hOstaire leanúint de chumhachtaí poiblí a fheidhmiú, lena n-áirítear na cumhachtaí sin atá dírithe ar imirce neamhdhleathach a laghdú i limistéir teorann inmheánaí.

([7]) Breithiúnas ón gCúirt an 21 Meán Fómhair 2023, Association Avocats pour la défense des droits des étrangers (ADDE) agus Eile v Ministre de l'Intérieur, Cás C-143/22, ECLI:EU:C:2023:689.

([8]) Is é 'Operation FOX' an t-ainm a thugtar ar an gcomhar trasteorann idir an Ostair agus an Ungáir arb é is aidhm dó gníomhaíochtaí smuigleála a chomhrac, go háirithe na gníomhaíochtaí sin a bhaineann leis an imirce neamhdhleathach. Is éard atá i gceist leis an oibríocht iarrachtaí comhpháirteacha chun gluaiseacht imirceach agus smuigléirí thar a dteorainn chomhroinnte a chosc, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid an chórais tearmainn.

IV. BEARTA MAOLAITHE

Seasamh Údaráis na hOstaire

(49) Áitíonn údaráis na hOstaire go bhfuil roinnt bearta maolaithe glactha acu. Ar an gcéad dul síos, bíonn siad i dteagmháil i gcónaí le tíortha comharsanachta Schengen na hOstaire chun rialú a laghdú a oiread agus is féidir, agus na naisc shóisialta agus eacnamaíocha idir réigiúin teorann á gcur san áireamh. Déantar comhairliúcháin sula ndéantar rialú teorann inmheánaí a athbhunú, lena linn agus ina dhiaidh, lena mbaineann oifigigh idirchaidrimh, an tsainroinn fhreagrach laistigh den Aireacht Chónaidhme, stiúrthóireachtaí póilíneachta stáit, aonaid réigiúnacha chomharsanachta, agus na lárionaid um chomhar póilíneachta.

(50) Déantar rialú teorann inmheánaí i bhfoirm spotseiceálacha agus faireachais rioscabhunaithe lena maolaítear an tionchar atá ag athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí ar thrácht trasteorann.

(51) Déanann údaráis na hOstaire faireachán ar shreabha tráchta ar bhonn leanúnach agus soláthraíonn siad faisnéis do thaistealaithe maidir le staid an tráchta ag na teorainneacha inmheánacha.

(52) De réir údaráis na hOstaire, tá moilleanna ag an teorainn inmheánach fós teoranta do bhuaicuaireanta agus do shéasúr na saoire.

(53) Ní thuairiscíonn údaráis na hOstaire ach líon teoranta gearán ar bhonn amanna feithimh méadaithe ag na pointí trasnaithe ag an teorainn inmheánach agus ní thuairiscíonn siad aon ghearán oifigiúil in aghaidh athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí.

Barúlacha ón gCoimisiún

(54) Léirítear sna fógraí go bhfuil údaráis na hOstaire tiomanta a áirithiú go leanfaidh tionchar an rialaithe ag teorainneacha inmheánacha de bheith teoranta mar a cheanglaítear le hAirteagal 26(3) de Chód Teorainneacha Schengen.

(55) Tá bearta déanta ag an Ostair, faoi threoir an Choimisiúin agus i ndlúthchomhar lena Ballstáit chomharsanachta, chun éascaíocht an tráchta ag na pointí trasnaithe talún inmheánacha inar athbhunaíodh an rialú a áirithiú.

(56) Déantar rialú teorann ar bhealach spriocdhírithe rioscabhunaithe, chun an tionchar ar thaisteal trasteorann a theorannú. Cuidíonn bearta den sórt sin le tionchar na rialuithe a mhaolú ach níl aon tionchar acu ar na ceanglais bhreise maidir le rialuithe a theorannú ó thaobh ama agus raon feidhme de.

(57) Tá fógra tugtha ag an Ostair faoina réigiúin trasteorann faoi Airteagal 42b de Chód Teorainneacha Schengen.

(58) Na fógraí arna gcur isteach ag údaráis na hOstaire, ní thugtar aird shonrach iontu ar na réigiúin trasteorann a mbaineann athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí leo agus ní mhínítear iontu a mhéid a d'fhéadfaí réitigh theicneolaíocha nó shaincheaptha a mholadh de réir an réigiúin teorann nó na catagóire taistealaithe riachtanacha chun éascaíocht an taistil trasteorann a áirithiú. Tugtar níos mó mionsonraí i ndáil leis sin sna tuarascálacha a chuir údaráis na hOstaire isteach.

(59) Aontaíonn an Coimisiún leis na hábhair imní a chuir na Ballstáit chomharsanachta in iúl faoi chuimsiú an phróisis comhairliúcháin, go mbeadh tógáil fhéideartha bonneagair níos buaine chun rialú teorann inmheánaí a dhéanamh ag teacht salach ar chineál sealadach an bhonneagair sin agus cuireann sé in iúl go gceanglaítear le hAirteagal 24 de Chód Teorainneacha Schengen ar na Ballstáit deireadh a chur le bacainní ag pointí trasnaithe bóthair.

V. MOLTAÍ

(60) Tá limistéar Schengen dea-fheidhmiúil ag brath ar chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach an *acquis* maidir le himirce agus tearmann. Beidh tús chur i bhfeidhm an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann i mí an Mheithimh 2026 ina spreagadh tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le gluaiseachtaí neamhúdaraithe nó ábhair imní imirce agus slándála a bhaineann leis an imirce neamhdhleathach, ar ábhair imní iad a chuir an Ostair in iúl chun údar a thabhairt le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí.

(61) Cuireann an Coimisiún in iúl, de bhun an Rialacháin maidir le Scagadh ([9]), atá mar chuid den Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, go mbeidh seiceáil slándála ar na bunachair sonraí ábhartha uile ina cuid den scagadh ag na teorainneacha seachtracha, agus laistigh den chríoch freisin.

(62) Tá na hábhair imní slándála ar cheann de na cúiseanna a luaigh an Ostair chun údar a thabhairt le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Cuireann dlí an Aontais réimse leathan uirlisí ar fáil cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir údaráis na hOstaire in iúl. Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na sásraí atá ann cheana chun slándáil agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú. Áirítear orthu sin Rialachán Prüm II, Córas Faisnéise Schengen nua agus an reachtaíocht nua maidir le Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí agus Taifead Ainmneacha Paisinéirí ([10]). Le teacht i bhfeidhm EES agus ETIAS, daingneofar na teorainneacha seachtracha a thuilleadh ([11]).

(63) Molann an Coimisiún d'údaráis na hOstaire a gcomhar agus a malartú faisnéise le Ballstáit chomharsanachta na hOstaire a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear trí athbhreithniú iomchuí a dhéanamh ar chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha um athligean isteach atá ann cheana agus/nó trí shocruithe praiticiúla a thabhairt i gcrích chun an nós imeachta aistrithe faoi Airteagal 23a de Chód Teorainneacha Schengen a chur i bhfeidhm.

(64) Ba cheart don Ostair leanúint de bheith ag cur leis an gcomhar rathúil a bhí aici leis na Ballstáit agus le tríú tíortha sa réigiún faoin gcur chuige ar a dtugtar 'cur chuige an bhealaigh iomláin'. Molann sé d'údaráis na hOstaire a gcomhar oibríochtúil comhpháirteach a fhorbairt a thuilleadh idir na húdaráis garda teorann agus údaráis forfheidhmithe dlí eile, lena n-áirítear trí phatróil chomhpháirteacha agus mheasctha. Mar ábhar tosaíochta, ba cheart dó na conarthaí déthaobhacha maidir le comhar póilíneachta atá ann cheana lena Bhallstáit chomharsanachta a thabhairt cothrom le dáta.

(65) Molann an Coimisiún don Ostair aghaidh a thabhairt ar aon chonstaic dhlíthiúil nó oibríochtúil a chuireann bac ar úsáid éifeachtach beart malartach, amhail srianta faoin dlí náisiúnta i ndáil le doiciméid céannachta a iarraidh agus comhlíontacht leis na coinníollacha maidir le fanacht dleathach laistigh den chríoch a fhíorú, nó úsáid modhanna teicneolaíochta, amhail aitheantas uimhirphlátaí, ag a teorainneacha inmheánacha chun críoch bainistithe imirce.

(66) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhféadfadh úsáid beart malartach, lena n-áirítear réitigh theicneolaíocha, a bheith ina modh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí chun ardleibhéal rialaithe slándála agus imirce a áirithiú, gan gá le rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

(67) Ba cheart d'údaráis na hOstaire oibriú i dtreo deireadh a chur de réir a chéile leis an rialú teorann inmheánaí, ar bhonn cur chuige saincheaptha de réir na coda den teorainn inmheánach agus de réir na bagartha agus leas iomlán a bhaint as na bearta malartacha atá ar fáil a leagtar amach i Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún ([12]) agus as na féidearthachtaí faoi Chód Teorainneacha Schengen. Ba cheart na bearta atá ann cheana a threisiú agus a chomhlánú leis na bearta sin.

([9]) Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha (IO L, 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2024/982 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta (Rialachán Prüm II) (IO L, 2024/982, 5.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/982/oj); Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj); Rialachán (AE) 2025/13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L, 2025/13, 8.1.2025 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/13/oj); Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 132–149; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/681/oj).

([11]) Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí (IO L 327, 9.12.2017, lgh. 20–82, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2226/oj); Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj).

([12]) Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023 maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (IO L, 2024/268, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/268/oj).

(68) An comhar rathúil leis na Ballstáit chomharsanachta agus le tríú tíortha, chomh maith le bearta malartacha a chur i bhfeidhm, measann an Coimisiún go gcuireann siad bonn láidir ar fáil ar ar féidir leis an Ostair oibriú anois chun deireadh a chur de réir a chéile leis an rialú teorann inmheánaí, gan iallach a bheith uirthi baint dá slándáil ná dá rialú imirce. Fanfaidh sé i ndlúth-theagmháil leis na Ballstáit uile lena mbaineann chun an sprioc sin a bhaint amach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Magnus BRUNNER
Comhalta den Choimisiún